# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2024

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Lean CEANN AMHÁIN de na sraitheanna treoracha seo a leanas:**

**1. Gnáth-threoracha:**

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6. Freagair ceist **amháin** as gach ceann de **dhá** thopaic.

- **Roinn 3 (100 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór:
Topaicí 1, 2, 4, 5, 6. Freagair ceist **amháin** as topaic **amháin**.

**NÓ**

**2. Treoracha Malartacha do 2024 amháin:**

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Ranna 2 agus 3 (300 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6 *agus* An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.

Freagair **trí** cheist as aon **dá** thopaic as Ranna 2 agus 3.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***Seóthrialacha Stailín***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad a bhí faighte amach ag na húdaráis Shóivéadacha?

   (b) Cad é an t-aon rogha a bhí ag an rialtas Sóivéadach, de réir dhoiciméad A?

   (c) I ndoiciméad B, cad ab ea bealach amháin inar chosain an t-ambasadóir na trialacha a bhí ann le déanaí?

   (d) Cén chuid den Aontas Sóivéadach a bhí na ginearáil toilteanach a aistriú go dtí an Ghearmáin, de réir dhoiciméad B?

(20)

2. (a) Sa dá dhoiciméad, an léiríonn na cuairteoirí chun na hambasáide go raibh imní orthu faoi na heachtraí sa Rúis Shóivéadach?
   Tabhair fáthanna le do fhreagra agus fianaise ón dá dhoiciméad á húsáid agat.

   (b) An gcuirtear amhras ar bith in iúl i gceachtar den dá dhoiciméad faoin míniú a thug Ivan Maisky ar ghníomhartha údaráis na Sóivéide?
   Tabhair fáthanna le do fhreagra agus fianaise ón dá dhoiciméad á húsáid agat.

(20)

3. (a) Cad iad na cúiseanna a mbeadh iontráil dialainne ar nós dhoiciméad A úsáideach do staraí a bheadh ag déanamh staidéir ar an Rúis sna 1930idí?
   Bain úsáid as fianaise as doiciméad A mar thaca le do fhreagra.

   (b) Cén fhianaise atá le fáil agat a léiríonn go mba bholscaire sciliúil é Maisky?
   Tabhair fáthanna le do fhreagra agus fianaise ó dhoiciméad A agus/nó ó dhoiciméad B á húsáid agat.

(20)

4. Cén tionchar a bhí ag seóthrialacha Stailín ar an Rúis Shóivéadach?

(40)

**- Doiciméad A -**

**Ba é Ivan Maisky ambasadóir na Sóivéide go Londain, 1932-1943. Sa sliocht coimrithe seo óna dhialann, scríobhann Maisky faoi chuairt a thug George agus Margaret Cole, a thaobhaigh leis an Rúis, ar a ambasáid, ar an 17 Nollaig 1934.**

Thug mé cuireadh do mhuintir Cole inniu agus bhí caint dháiríre agam leo faoi ghearáin de chuid na Breataine in aghaidh na dtrialacha faoi rún agus na mbreitheanna báis a bhí ag tarlú sa Rúis. Bhí siad an-suaite. Bhí lámha Bhean Cole ar crith le neirbhís. Thug mé íde béil ceart dóibh. Dúirt mé leo go raibh sé faighte amach ag na húdaráis Shóivéadacha, le trí nó ceithre mhí anuas, go bhfuil comhcheilg mhór ar bun ag sceimhlitheoirí in aghaidh cheannairí ár bPáirtí, an Comrádaí Stailín ar dtús.

Na Naitsithe Gearmánacha atá ag eagrú na comhcheilge. Deoraithe frith-Shóivéadacha is ea na gníomhairí a thagann thar teorainn isteach chugainn agus a dhéanann teagmháil le comhchealgairí, ar saoránaigh Shóivéadacha iad. Le roinnt míonna anuas, rinneadh roinnt iarrachtaí an Comrádaí Stailín, agus ceannairí eile, a mharú. B'fhianaise shuntasach bás Kirov ar bhagairt na sceimhlitheoirí.

Ní raibh an dara rogha ag an rialtas Sóivéadach ach bearta crua a ghlacadh in aghaidh lucht na comhcheilge. Rud dian, míthaitneamhach is ea 80-100 duine a lámhach, ach is fearr é sin ná beatha na milliún duine a chur i mbaol ar pháirc an chatha. Níor chuir muintir Cole ina choinne seo, cé go raibh siad fós buartha faoi na trialacha agus an cur chun báis. Chuir mé ar a suaimhneas iad go mba fhreagairt eisceachtúil na bearta a glacadh ar chúinsí eisceachtúla in aghaidh na sceimhlitheoirí.

Foinse: Gabriel Gorodetsky (eag.), *The Maisky Diaries* (Yale University Press, 2015).

**- Doiciméad B -**

**Polaiteoir Lucht Oibre i Sasana ba ea Hugh Dalton agus thaobhaigh sé leis an Rúis chomh maith. Seo sliocht coimrithe óna dhialann ina scríobhann sé faoi chuairt a thug sé ar an Ambasadóir Maisky, 24 Meitheamh 1937, tráth a pléadh seóthrialacha Stailín.**

Bhuail mé le Maisky liom féin, mar a dhéanaim de ghnáth, ach is dócha go raibh duine as radharc ag éisteacht lenár gcomhrá. I dtús báire dúirt mé 'tá an-chuid rudaí ag tarlú i do thír féin a chuir isteach go mór orainn, na daoine míleata a díbríodh le déanaí mar shampla. Ba mhaith liom roinnt eolais a fháil ina thaobh. Tá súil agam nach bhfuil an tArm Dearg lagaithe go mór ag an gcur chun báis'.

Thug sé míniú fada ar na trialacha agus ar an gcur chun báis a tharla le déanaí. Dúirt sé go raibh na ginearáil ar son na Gearmáine, in aghaidh na Fraince agus in aghaidh na Breataine. Bhí siad i mbun comhcheilge le deachtóireacht mhíleata a chur ar bun sa Rúis, an caipitleachas a chur i réim arís agus dlúthchairdeas a bheith ann leis an nGearmáin. Bhí sé ar intinn acu cuid den Úcráin a aistriú chun na Gearmáine mar chúiteamh ar an Liotuáin, an Laitvia agus an Eastóin a dhéanamh mar chuid den Aontas Sóivéadach arís. Bhí siad toilteanach cead a cinn a thabhairt don Ghearmáin in iarthar na hEorpa.

Dúirt mé gur ar éigean a chreid mé an scéal faoi chuid den Úcráin a thabhairt suas. Dúirt sé nár mhór dom cuimhneamh gur limistéar ollmhór is ea an tAontas Sóivéadach. B'fhéidir go gceapfainn gurbh í an chomparáid a bhí le déanamh ná go dtabharfadh Sasana Albain don Ghearmáin. Le fírinne, ba chruinne an chomparáid Sasana Oileán na Tríonóide a thabhairt suas. Dúirt mé nach raibh ag éirí liom fós an chuid seo den scéal a chreidiúint.

Foinse: Ben Pimlott (eag.), *The Political Diary of Hugh Dalton, 1914-40 & 1945-60* (Jonathan Cape Ltd., 1986).

# ROINN 2: ÉIRE

**Féach na treoracha ar an gclúdach tosaigh agus tú ag roghnú cén cheist nó cé na ceisteanna le freagairt.**

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

1. Cad iad forbairtí ba mhó a tharla i gcúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta in Éirinn, 1815-1870? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí ag Dónall Ó Conaill mar cheannaire polaitiúil? (100)
3. An aontófá go raibh gné Éireannach agus gné idirnáisiúnta araon ag baint leis an bhFíníneachas? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (100)
4. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le féiniúlachtaí cultúrtha/creidimh: William Carleton; Tomás Dáibhéis; An Cairdinéal Paul Cullen? (100)

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

1. Le linn na mblianta 1870-1914, cén tábhacht a bhain le reachtaíocht talún agus le leasuithe ar chóras na talún? (100)
2. Cad iad na rudaí a d'éirigh leis an nGluaiseacht ar son Rialtas Dúchais a bhaint amach agus na rudaí a theip uirthi a bhaint amach i rith na tréimhse 1870-1891? (100)
3. Le linn na tréimhse anuas go dtí 1914, cérbh é an ceannaire polaitiúil ab éifeachtaí den bheirt seo, Edward Carson nó John Redmond?
   Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt. (100)
4. Ón staidéar atá déanta agat ar chultúr agus an tsochaí, 1870-1914, cén tábhacht a bhain le dhá cheann díobh seo a leanas: Dubhghlas de hÍde; CLG; leasuithe oideachais (scoileanna agus ollscoileanna)? (100)

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

1. An aontófá gur tharla deich mbliana d'athruithe réabhlóideacha in Éirinn, 1912-1922? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (100)
2. Le linn na mblianta 1920-1945, cé chomh maith agus a chuaigh rialtas Thuaisceart Éireann i ngleic le fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta agus/nó le bagairtí ar shlándáil? (100)
3. Cad iad na bealaí inar éirigh le hÉamon de Valera agus inar theip air agus é i gcumhacht, 1932-1948? (100)
4. Cad iad na príomhimeachtaí a bhí ag Comhdháil Chorp Chríost, 1932, agus cad iad na bealaí inar chuir an Chomhdháil le féiniúlacht chultúrtha na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

1. Cad iad na tosca, sa bhaile agus thar lear, a chuir leis an imirce as Éirinn, 1840-1914? (100)
2. Cén tábhacht a bhain le Grosse Isle i stair na himirce as Éirinn? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag John Devoy agus/nó Andrew Bonar Law ar fhorbairtí in Éirinn? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag misinéirí Éireannacha san Afraic agus/nó san Áise? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

1. Cad iad na bealaí inar éirigh leis an Tiarna Brookeborough agus inar theip air mar cheannaire ar Thuaisceart Éireann? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag conspóid Ollscoil Chúil Raithin agus ag an ngluaiseacht Cearta Sibhialta ar Dhoire ó lár go deireadh na 1960idí? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le dhá cheann díobh seo a leanas: Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta (1973-1974); an Comhaontú Angla-Éireannach (1985); Dearbhú Shráid Downing (1993)? (100)
4. Ón staidéar atá déanta agat ar chreideamh agus ar chultúr i dTuaisceart Éireann, cad a d'fhoghlaim tú faoi dhá cheann díobh seo a leanas: freagairtí cultúrtha do na Trioblóidí; an t-éacúiméineachas; Seamus Heaney? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

1. Cé chomh mór agus a d'athraigh ról na mban le linn na tréimhse 1949-1989? (100)
2. Le linn na tréimhse 1949-1957, cé chomh héifeachtach agus a bhí rialtais na hÉireann ag dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí rompu? (100)
3. Cén tionchar ar gheilleagar na hÉireann a bhí ag an gCéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach, 1958-1963, nó ag ballraíocht sa CEE, 1973-1989? (100)
4. Ón staidéar atá déanta agat ar chultúr i bPoblacht na hÉireann, cad a d'fhoghlaim tú faoi dhá cheann díobh seo a leanas: RTÉ; athruithe ar chúrsaí oideachais; athruithe ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Féach na treoracha ar an gclúdach tosaigh agus tú ag roghnú cén cheist nó cé na ceisteanna le freagairt.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

1. Le linn na mblianta 1815-1871, conas a d'athraigh tailte na nGearmánach ó bheith ina gCónaidhm le bheith ina nImpireacht? (100)
2. An aontófá go mba éifeachtaí mar leasaitheoir é Robert Peel ná Robert Owen? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
3. Cén fáth ar éirigh leis na hiarrachtaí a rinneadh i ndiaidh 1852 chun an Iodáil a aontú nuair a theip ar na hiarrachtaí a rinneadh roimhe sin? (100)
4. Ón staidéar atá déanta agat ar stair na heolaíochta, 1815-1871, cad a d'fhoghlaim tú faoi Charles Darwin agus/nó forbairtí sa leictreachas, bitheolaíocht agus teicneolaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

1. Conas a d'fhorbair polasaí eachtrach na Gearmáine faoi Bismarck agus/nó Wilhelm II? (100)
2. Le linn na mblianta 1870-1914, conas a d'fhorbair an tionsclaíocht (an gluaisteán san áireamh), agus cén tionchar a bhí ag an bhforbairt thionsclaíoch ar an tsochaí san Eoraip? (100)
3. Le linn na tréimhse 1871-1914, cén tionchar a bhí ag an bhfrith-Sheimíteachas sa Fhrainc agus sa Rúis? (100)
4. Cad iad na fadhbanna sóisialta, eacnamaíochta agus/nó polaitiúla a bhí roimh an Eoraip díreach i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

### Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

1. Cad iad na cora cinniúnacha ba thábhachtaí sa Chogadh Fuar san Eoraip, 1945-1989? (100)
2. Le linn na mblianta 1945-1992, cén taithí a fuair geilleagair an Iarthair ar an rath eacnamaíoch agus ar an gcúlú eacnamaíoch araon? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannaireacht Margaret Thatcher maidir le gnóthaí intíre agus eachtracha? (100)
4. Cén fáth ar tháinig conspóid chun cinn mar thoradh ar shaol agus ar shaothar Alexander Solzhenitsyn agus/nó Simone de Beauvoir? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

1. Cad iad na tionchair shóisialta agus eacnamaíochta ba mhó a bhí ar an Afraic de bharr chúlú na hEorpa ó impireachtaí, 1945-1990? (100)
2. Cén fáth ar tháinig gné idirnáisiúnta i gceist le Géarchéim Shuais (1956) agus/nó dealú Katanga ón gCongó (1960-1965)? (100)
3. Cé chomh mór agus a rinneadh sochaithe ilchiníocha den Bhreatain agus den Fhrainc, 1945-1990? (100)
4. Cé chomh héifeachtach agus a bhí beirt díobh seo a leanas chun neamhspleáchas a thíre féin a chur chun cinn: Mohandas Gandhi; Achmad Sukarno; Ho Chi Minh? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an Domhan, 1945-1989**

1. Cé chomh maith agus a láimhseáil an tUachtarán Harry Truman na dúshláin a bhí roimhe, 1945-1953? (100)
2. Cén fáth ar tharla baghcat bus Montgomery agus cad iad na bealaí inar chuir sé cúis na gcearta sibhialta chun cinn? (100)
3. Conas a léirigh Betty Friedan agus/nó Marilyn Monroe an chaoi a raibh ról na mban ag athrú i sochaí na Stát Aontaithe? (100)
4. Cén tábhacht a bhain leis an tuirlingt ar an ngealach, 1969, agus le Star Wars? (100)

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

An Ardteistiméireacht - Ardleibhéal

# Stair

Dé Céadaoin 12 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50